# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 44

## An Coimisiún um Chosaint Sonraí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 44, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 i gcomhair thuarastail agus speansais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €8.724 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí, agus Digitiúcháin i gciorclán 20 de 2024, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Áirítear leis sin úsáid a bhaint as roinnt Caighdeáin Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGASanna) a tugadh in éifeacht ón 1 Eanáir 2024 i leith.

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Déantar dímheas ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní caipitil:

| *Aicme sócmhainne* | *Saolré úsáideach* | *Ráta dímheasa/ amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | Téarma ceadúnais 2-10 bliain | 10-50% |
| Bogearraí faighte/forbartha | 10 mbliana | 10% |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 5-10 bliain | 10-20% |

## Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheann Oifige.

Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Choimisiún um Chosaint Sonraí.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Baineann an Coimisiún úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta chun, inter alia, riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta. Déantar an oiliúint is gá a eagrú nó a fhoinsiú de réir mar is cuí ansin.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ag a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Coimisiún um Chosaint Sonraí nochta dóibh a chuid oibre agus bíonn a phleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Thionóil an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Choimisiún um Chosaint Sonraí ceithre chruinniú sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024.

***Soláthar***

Cinntíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B’ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile agus €4.993 milliún san iomlán sa bhliain 2024.

Thug an Coimisiún um Chosaint Sonraí mionsonraí faoi dhá chonradh neamhiomaíocha de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Coimisiún um Chosaint Sonraí na treoirlínte, seachas sna cásanna seo a leanas:

Conradh amháin dar luach €12,270 le Liberel Communications Limited. Eisíodh iarraidh ar thairiscintí i mí an Mhárta 2022 le haghaidh Soláthar Seirbhísí Bonneagair Closamhairc don Choimisiún um Chosaint Sonraí, faoi réir uaschaitheamh €25,000. Bhí na seirbhísí sin ag teastáil le haghaidh trealamh Closamhairc a mhapáil agus a fheistiú ag áitreabh nua an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ag 6 Rae Pheambróg. B’ionann an caiteachas ag deireadh na bliana 2023 agus €24,966, gan CBL a áireamh. Bhí seirbhísí ag teastáil ar fud na bliana 2024 fós mar gheall ar fheistiú leanúnach an fhoirgnimh. B’ionann an caiteachas breise sa bhliain 2024 agus €12,720, gan CBL a áireamh. Beidh seirbhísí ag teastáil sa bhliain 2025 freisin go dtí go mbeidh feistiú an fhoirgnimh curtha i gcrích. Níor thug ach cuideachta amháin (Liberel) freagra ar an iarraidh ar thairiscintí sin laistigh den tréimhse ama, agus meastar gurb é an cur chuige is barainní agus is praiticiúla ná leanúint de Liberel a úsáid chun an obair riachtanach a chur i gcrích.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Ardbhainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Sa bhliain 2024, bhí próiseas bainistíochta riosca an Choimisiúin um Chosaint Sonraí faoi réir athbhreithniú rialta leanúnach ag leibhéal an Choiste Ardbhainistíochta agus ag leibhéal na gCoimisinéirí chun a chinntiú gurb ailínithe go cuí atá tosaíochtaí, acmhainní agus daoine.

Déantar Príomhghníomhartha Rialála chun tacú le tosaíochtaí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí a sheachadadh a shainaithint gach bliain trí phleananna gnó agus cuirtear séala leo ag leibhéal an Choiste Ardbhainistíochta. De bhreis ar bhunspriocanna inghnóthaithe a leagan amach, sonraítear sna pleananna gnó sin rioscaí don seachadadh, mar aon le maoluithe agus saincheisteanna. Breithnítear na rioscaí do sheachadadh na bPríomhghníomhartha Rialála, saincheisteanna atá ag teacht chun cinn, maoluithe agus tacaíochtaí go gníomhach mar chuid den tuairisciú don Choiste Ardbhainistíochta agus do na Coimisinéirí ar na Príomhghníomhartha Rialála.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na foirne ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2024 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**An Dr Des Hogan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chosaint Sonraí

23 Meán Fómhair 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

## Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí
## Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar An Coimisiún um Chosaint Sonraí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

## Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí

## Cuntas Leithreasa 2024

| | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | |
| A Rialáil Cosanta Sonraí | 28,411 | 19,722 | 17,832 |
| **Ollchaiteachas** | **28,411** | **19,722** | **17,832** |
| *Lúide* | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | **285** | **320** | **259** |
| **Glanchaiteachas** | **28,126** | **19,402** | **17,573** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **8,723,639** | **9,048,881** |

**An Dr Des Hogan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chosaint Sonraí

23 Meán Fómhair 2025

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 14,830 | 11,987 |
| Neamhphá | | 4,892 | 5,845 |
| **Ollchaiteachas** | | **19,722** | **17,832** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **(320)** | **(259)** |
| **Glanchaiteachas** | | **19,402** | **17,573** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Amúchadh | | 237 | 134 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| (Méadú) ar réamhíocaíochtaí | (6) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 582 | | |
| | | 576 | (102) |
| **Caiteachas díreach** | | **20,215** | **17,605** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 7,442 | 656 |
| **Glanchostas an chláir** | | **27,657** | **18,261** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 44 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 75 | 87 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 7,284 | 487 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 23 | 22 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart | 60 | 60 |
| | | **7,442** | **656** |

Baineann an méadú sa chaiteachas a d'iompair Oifig na nOibreacha Poiblí le caiteachas ar áitreabh nua an Choimisiúin um Chosaint Sonraí atá lonnaithe ag Rae Pheambróg, Baile Átha Cliath 2.

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | — | — |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 692 | 929 |
| | | **692** | **929** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 172 | 421 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 2.4 | 221 | 215 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 488 | 4 |
| | | **881** | **640** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 958 | 376 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 552 | 419 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | 108 | 6 |
| | | **1,618** | **801** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(737)** | **(161)** |
| **(Glandliteanais)/glansócmhainní** | | **(45)** | **768** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.9 | **(45)** | **768** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** [a] | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 37 | 2 | 39 |
| Breiseanna | — | — | — |
| Diúscairtí | — | — | — |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 37 | 2 | 39 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 37 | 2 | 39 |
| Dímheas don bhliain | — | — | — |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | — |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 37 | 2 | 39 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | — | — | — |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | — | — | — |

Nóta [a] Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní áirithe a fuarthas ar chostas is lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 1,333 | 1,333 |
| Breiseanna | — | — |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 1,333 | 1,333 |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 404 | 404 |
| Amúchadh don bhliain | 237 | 237 |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 641 | 641 |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **692** | **692** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 929 | 929 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim ag an bPámháistir Ginearálta | 169 | 417 |
| Cuntais bainc tráchtála[a] | 3 | 4 |
| | **172** | **421** |

Nóta [a] Mar aon leis an gcuntas Pámháistir Ghinearálta le Danske Bank, tá trí chuntas bainc tráchtála eile ag an gCoimisiún. Dúnadh cuntas bainc díomhaoin amháin sa bhliain 2024. Feidhmíonn an Coimisiún cuntas mionairgid freisin.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí Eile

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais áitribh oifige | 179 | 174 |
| Cumarsáid | 20 | 16 |
| Eile | 22 | 25 |
| | **221** | **215** |

## 2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | 101 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 387 | 4 |
| | **488** | **4** |

Nóta [a] Cuimsítear in Iarmhéideanna dochair eile na hiarmhéideanna airgeadais dearfacha a tháinig chun cinn ar chuntais fionraí, agus baineann siad le saincheisteanna uainiúcháin párolla.

## 2.6 Speansais Fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 42 | 6 |
| Speansais riaracháin | 149 | 48 |
| Costais dlí | 50 | 322 |
| Fabhrú Párolla | 504 | — |
| Fabhrú Saoire | 213 | — |
| | **958** | **376** |

## 2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don stát** | | |
| Cáin ioncaim | 193 | 147 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 167 | 125 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 38 | 29 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | — |
| Cáin bhreisluacha ar shonraisc eachtracha | 12 | 10 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 105 | 82 |
| | 516 | 393 |
| **Fionraí** | | |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 36 | 26 |
| | **552** | **419** |

## 2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 8,724 | 9,049 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (8,616) | (9,043) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **108** | **6** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 172 | 421 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 488 | 4 |
| | 660 | 425 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (516) | (393) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (36) | (26) |
| | (552) | (419) |
| | **108** | **6** |

## 2.9 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 768 | 800 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 28,126 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (8,724) | | |
| Glanvóta | | | 19,402 | 17,573 |
| Caiteachas a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 7,442 | 656 |
| Glanchostas an chláir | | | (27,657) | (18,261) |
| | 1 | | | |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **(45)** | **768** |

## 2.10 Ceangaltais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| ag an 31 Nollaig | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | — | — |

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá suim agus uainiú iarbhír aon dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann.

## 2.12 Tionchar na n-athruithe i bpolasaithe cuntasaíochta sa bhliain 2024

Cuireadh naoi gcinn nua de chaighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d'iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit.

| | 2024 |
|---|---|
| | **€000** |
| Fabhrú saoire [a] | (213) |
| Fabhrú párolla [a] | (504) |
| | **(717)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear i leith clár aonair: rialáil cosanta sonraí a sholáthar.

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 19,147 | 14,830 | 11,987 |
| ii | Taisteal agus cothú | 110 | 60 | 41 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | 150 | 274 | 170 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin agus trealamh ilghnéitheach | 4,107 | 2,460 | 3,133 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF | 2,497 | 1,454 | 1,426 |
| vi | Speansais áitribh | 1,850 | 538 | 920 |
| vii | Athbhreithnithe ar Pholasaithe, Seirbhísí Comhairleoireachta agus Taighde | 550 | 106 | 155 |
| | | **28,411** | **19,722** | **17,832** |

Nóta [a] Athraíodh an anailís ar fho-mhírchinn riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas a bhfuil sé i gceist leis na fo-mhírchinn riaracháin a nuachóiriú ar fud cuntais vótáilte. Leasaíodh figiúirí comparáideacha na bliana 2023 dá réir.

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa nóta seo na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €19.147 milliún; toradh €14.830 milliún*

Is féidir an t-easnamh €4.317 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin a chur síos go príomha do dhúshláin leanúnacha i ndáil leis an líon íseal iarrthóirí ar éirigh leo i sainchomórtais a reáchtáladh sa bhliain 2024, do ráta mall sannacháin ó phainéil ghinearálta de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus do na creataí ama ina mbíonn comórtais á bhfógairt, agus do na poist a bhíonn á dtairiscint. Nochtadh i gcaidreamh leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go raibh dúshláin den chineál céanna ann i ndáil leis an líon iarrthóirí ar líon mór comórtas agus i ndáil leis an ardéileamh leantach ó eagraíochtaí is cliaint agus gur cuireadh roinnt feachtas earcaíochta siar go dtí an bhliain 2025. Tháinig sé chun cinn freisin mar gheall ar an gcleachtas arb éard é soláthar a dhéanamh do thuarastail foirne ar bhonn bliantúlaithe agus ag an lárphointe den scála tuarastail.

**iii Oiliúint agus forbairt**

*Soláthar meastacháin €150,000; toradh €274,000*

Tháinig an róchaitheamh €124,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn mar gheall ar an ngá le hoiliúint agus forbairt foirne sa bhliain a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a brúdh chun cinn tuilleadh le méadú ar an líon foirne sa Choimisiún. Chun aitheantas a thabhairt don ghá leantach le hinfheistíocht in oiliúint agus forbairt sa Choimisiún um Chosaint Sonraí de réir mar a mhéadaíonn a fhreagrachtaí agus a líon foirne, táthar tar éis soláthar a dhéanamh do bhuiséad i bhfad níos mó sa bhliain 2025.

**iv Seirbhísí oibriúcháin agus trealamh ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin €4.107 milliún; toradh €2.46 milliún*

Tháinig an tearc-chaitheamh €1.647 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn as costais dlí a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Áirítear iad seo a leanas leis na tosca a bhí taobh thiar den tearc-chaitheamh sin. Ina theannta sin, is amhlaidh a bhí (agus atá) acmhainní dlí inmheánacha an Choimisiúin um Chosaint Sonraí é féin éifeachtach maidir le déileáil le formhór na saincheisteanna a tháinig chun cinn go hinmheánach, gan aon ghá le comhairle dlí sheachtrach a fháil.Tá moilleanna ann fós ar an ráta ag a bhfuil imeachtaí dlíthíochta á chur ar aghaidh (ag eascairt as baic atá comhaontaithe nó atá ordaithe ag an gCúirt ar an ualach cásanna dlíthíochta). Chuir Cúirteanna na hÉireann cur ar aghaidh na dlíthíochta suntasaí in aghaidh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar feitheamh go dtí go bhfaighfear amach an toradh ar phríomhchás atá os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi láthair.

**v Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF**

*Soláthar meastacháin €2.497 milliún; toradh €1.454 milliún*

Tháinig an t-easnamh €1.043 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis na meastacháin chun cinn as na tosca seo a leanas. Bhí muirir TFC níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an bhfás ar an líon foirne a bheith níos ísle ná mar a réamh-mheasadh; cuireadh aistriú oifige an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar atráth agus tá sé le déanamh sa bhliain 2025 anois; agus, mar gheall ar dheacrachtaí a bhain le saineolas teicniúil tábhachtach a sholáthar, ba go dtí an bhliain 2025 a athsceidealaíodh tionscnaimh.

**vi Costais áitribh**

*Soláthar meastacháin €1.85 milliún; toradh €538,000*

Tháinig an t-easnamh €1.312 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha as Oifig na nOibreacha Poiblí a bheith ag ceannach áitreabh oifige an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ag Pointe na Tríonóide i mí na Nollag 2023. Sular cuireadh ar an eolas é faoin gceannach, rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí na costais chíosa le haghaidh an áitribh sin a bhuiséadú isteach i mbuiséad na bliana 2024 le haghaidh costais áitribh oifige. Dá réir sin, b’amhlaidh, de bharr an réadmhaoin a bheith ceannaithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí, nach bhfuil cíos le haghaidh na réadmhaoine á muirearú ar an gCoimisiún a thuilleadh, cé is moite de mhuirir sheirbhíse ghaolmhara.

Bhíothas ag súil leis go mbogfadh an Coimisiún um Chosaint Sonraí isteach san áitreabh nua sa cheathrú ráithe den bhliain 2024. Dá bharr sin, ní dhearnadh soláthar sa bhliain 2024 ach amháin do chíos le haghaidh ráithe amháin.

**vii Athbhreithnithe ar pholasaithe, Seirbhísí Comhairleoireachta agus Taighde**

*Soláthar meastacháin €550,000; toradh €106,000*

Tháinig an t-easnamh €444,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha as an riachtanas le seirbhísí comhairleoireachta a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíocht aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 275 | 316 | 242 |
| 2 | Ilghnéitheach | 10 | 4 | 17 |
| | | **285** | **320** | **259** |

### 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | 110 |
| Fáltais ó fhíneálacha riaracháin | 583 | 815 |
| Ús | 7 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (590) | (925) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## 4.3 Fíneálacha

Féadfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí fíneálacha riaracháin a fhorchur faoin sainchúram reachtúil atá air. Ní fhéadfar aon fhíneáil arna forchur ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí a bhailiú go dtí go ndeimhneofar le hordú cúirte í (cibé acu de dhroim achomhairc nó de dhroim iarratas deimhniúcháin). Maidir le fíneálacha a fhorchuireann an Coimisiún um Chosaint Sonraí mar chuid dá ghníomhaíochtaí rialála, ní chatagóirítear mar ioncam don Choimisiún um Chosaint Sonraí iad agus, ina ionad sin, íoctar ar aghaidh leis an státchiste láir iad. Ní dhíorthaíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí aon sochar airgeadais ó na fíneálacha a fhorchuireann sé agus é ag feidhmiú na gcumhachtaí pionóis a ghabhann leis an ról rialála atá aige.

| | **2024** | **2023** |
|---|---:|---:|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 2,836,082 | 1,285,114 |
| Fíneálacha a forchuireadh sa bhliain | 652,070 | 1,551,783 |
| Fíneálacha a bailíodh (féach nóta 4.2) | (583) | (815) |
| Fíneálacha a coigeartaíodh/a díscríobhadh | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **3,487,569** | **2,836,082** |

D’fhorchuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí sé fhíneáil dar luach iomlán €652,069,500 sa bhliain 2024. Tá ceithre cinn de na fíneálacha sin dar luach iomlán €652,000,000 faoi réir achomhairc os comhair na gcúirteanna. Dheimhnigh an Chúirt Chuarda fíneáil amháin dar luach €22,500 sa bhliain 2024 agus bailíodh an fhíneáil sin sa bhliain 2024. Tá dhá fhíneáil dar luach iomlán €69,500 amuigh fós.

Ba sa bhliain 2024 a bailíodh dhá fhíneáil dar luach €560,000 a forchuireadh sa bhliain 2023.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 252 | 209 |
| | **252** | **209** |

### 5.2 Pá

**Luach saothair na foirne uile**

| | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 13,310 | 10,783 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 119 | 85 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,401 | 1,119 |
| **Pá iomlán** | **14,830** | **11,987** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
| **Foireann an Choimisiúin** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 15 | 3 | 27,700 | 17,176 |

## 5.4 Bandaí pá fhostaithe an Choimisiúin

Tá líon na bhfostaithe de chuid an Choimisiúin a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 164 | 152 |
| 60,000 | 69,999 | 19 | 5 |
| 70,000 | 79,999 | 13 | 20 |
| 80,000 | 89,999 | 21 | 13 |
| 90,000 | 99,999 | 4 | 5 |
| 100,000 | 109,999 | 9 | 8 |
| 110,000 | 119,999 | 1 | 3 |
| 120,000 | 129,999 | 1 | 1 |
| 130,000 | 139,999 | 2 | 1 |
| 170,000 | 179,999 | — | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 2 | — |

## 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas.

| | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Bunphá – Helen Dixon Uas. | 28 | 176 |
| Bunphá – an Dr Des Hogan | 199 | — |
| | **227** | **176** |

Bhí beirt Oifigeach Cuntasaíochta ann sa tréimhse. Bhí Helen Dixon Uas. ar an Oifigeach Cuntasaíochta ón 1 Eanáir go dtí gur éirigh sí as an 19 Feabhra. Tá an Dr Des Hogan ar an Oifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún um Chosaint Sonraí ón 20 Feabhra 2024 i leith.

Ceapadh an Dr Des Hogan agus an tUas. Dale Sunderland mar Choimisinéirí Cosanta Sonraí an 20 Feabhra 2024. Ceapadh an Dr Hogan mar Chathaoirleach an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar an dáta sin freisin. Foráiltear le halt 16(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, do Choimisinéir amháin a cheapadh mar Chathaoirleach i gcás go gceaptar níos mó ná Coimisinéir Cosanta Sonraí amháin. Íoctar an Cathaoirleach ag leibhéal an Leas-Rúnaí. Íoctar liúntas €24,299 leis an Dr Hogan chun a thuarastal a thabhairt suas go tuarastal leibhéal an Leas-Rúnaí. Cuireadh an liúntas sin ar áireamh san fhigiúr pá thuas don Dr Hogan. Tá an Dr Hogan i seilbh an róil mar Oifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún um Chosaint Sonraí ina cháil mar Chathaoirleach.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina c(h)omhalta den scéim iar-1995 agus ní théann a t(h)eidlíochtaí chuige sin thar théarmaí scéim pinsean eiseamláireach na seirbhíse poiblí. Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas.

### 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 24 | 56,118 | 67,658 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 3 | 6,411 | 17,714 |

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | Iomlán 2024 [a] | Iomlán 2023 [a] |
|---|---|---|
| Líon na gcásanna | 41 | 60 |
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí a rinne an Coimisiún/a rinneadh thar a cheann | 1,405 | 844 |
| Cúiteamh | — | — |
| Costais dlí | 100 | 544 |
| **Iomlán 2024** | **1,505** | **1,388** |

Nóta [a] Éilimh ó dhaoine den phobal

[b] Ag an 31 Nollaig 2024, bhí 48 gcás dlíthíochta ginearálta gan réiteach fós

| **Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024** | |
|---|---|
| | **Iomlán** |
| Líon na gcásanna | 10 |
| | **€000** |
| Costais dlí an Choimisiúin féin | 185 |
| Íocaíochtaí a rinne an Coimisiún/a rinneadh thar a cheann | |
| Cúiteamh | — |
| Costais dlí | 63 |
| Costais eile | — |
| **Iomlán** | **248** |

## 6.2 Táillí dlí

Áirítear le costais dlí iomlána €2.118 milliún costais €1.505 milliún a tabhaíodh i leith 41 tacar d'imeachtaí in aghaidh an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (lena n-áirítear athbhreithnithe breithiúnacha, imeachtaí iomlánacha, agus achomhairc reachtúla a tionscnaíodh in aghaidh breitheanna ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí).

Áirítear leis an bhfigiúr iomlán €2.118 milliún freisin costais dlí an Choimisiúin um Chosaint Sonraí i leith 18 dtacar eile d'imeachtaí a thionscain an Coimisiún um Chosaint Sonraí é féin, lena n-áirítear ocht n-ionchúiseamh margaíochta agus sé fhíneáil riaracháin. Thionscain an Coimisiún um Chosaint Sonraí na hocht n-ionchúiseamh margaíochta os comhair na Cúirte Dúiche faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 336 de 2011[a] agus rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí na sé iarratas deimhniúcháin os comhair na Cúirte Cuarda faoi alt 143 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, chun deimhniú a dhéanamh ar fhíneálacha riaracháin a d'fhorchuir an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar eagraíochtaí. B'ionann na costais dlí i leith na 18 dtacar go léir d'imeachtaí agus €263,877. Ba é an toradh a bhí ar shé cinn de na hionchúisimh mhargaíochta sin, áfach, ná gur dámhadh costais ionchúisimh dar luach iomlán €3,861.45 don Choimisiún um Chosaint Sonraí. (Dámhadh a chostais don Choimisiún um Chosaint Sonraí in imeacht amháin, a tionscnaíodh faoi alt 134 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, freisin. Níor íocadh idir na páirtithe go fóill an tsuim dheireanach is iníoctha ina leith, áfach). Mar thoradh air sin, laghdaíodh go €260,016 na costais dlí fhoriomlána a bhaineann leis na himeachtaí a thionscain an Coimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2024.

Nóta a I.R. Uimh. 336 de 2011 — Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011 [ar a dtugtar na Rialacháin um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach]